

Post oscailte

# Oifigeach Feidhmiúcháin, Gnóthaí Corparáideacha

Post Buan Lánaimseartha

—  
Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais

Dé hAoine, an 20 Feabhra 2026

...

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífead leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: Oifigeach Feidhmiúcháin, Gnóthaí Corparáideacha in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is post lánaimseartha ar chonradh buan an post seo agus líonfar é trí agallaimh iomaíocha oscailte.

### Cur Síos Gairid ar an bPost

Beidh an té a cheapfar sa phost seo freagrach as cúnamh a thabhairt maidir le bainistíocht, forbairt agus cur i bhfeidhm na Feidhme Gnóthaí Corparáideacha laistigh den Mhúsaem agus déanfaidh sé/sí idirchaidreamh le hOifig an Stiúrthóra, le Bord an Mhúsaeim agus leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, de réir mar is gá.

Beidh an sealbhóir poist ag comhoibriú go dlúth leis an gCeannasaí Gnóthaí Corparáideacha i dtaca le taighde agus comhthiomsú sonraí, reachtaíocht SF agus RGCS, feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí, bainistíocht riosca, ceisteanna parlaiminte agus tuarascálacha rialachais eile.

### TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cáipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

#### Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin NMI chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.

- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

### **Spriocdháta le haghaidh Iarratas**

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00  
Dé hAoine, an 20 Feabhra 2026**

**Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**